RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/1 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Nollaig 2025

lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le leithdháiltí na mBallstát le haghaidh íocaíochtaí díreacha agus an miondealú bliantúil in aghaidh an Bhallstáit ar an tacaíocht ón Aontas don fhorbairt tuaithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 87(2) agus Airteagal 89(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 103(1), pointe (a), Airteagal 103(2) agus Airteagal 103(5) de Rialachán (AE) 2021/2115, chinn an Danmhairg, an Fhrainc agus an Íslitír ina bPlean Straitéiseach CBT athbhreithniú a dhéanamh ar chéatadán a leithdháiltí le haghaidh íocaíochtaí díreacha i leith na bliana féilire 2026, ar leithdháiltí iad a aistríodh chuig a leithdháiltí le haghaidh an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT).

(2) I gcomhréir le hAirteagal 103(1), pointe (b), Airteagal 103(3) agus Airteagal 103(5) de Rialachán (AE) 2021/2115, chinn an tSlóvaic ina Plean Straitéiseach CBT céatadán dá leithdháileadh le haghaidh CETFT sa bhliain airgeadais 2027 a aistriú chuig a leithdháileadh le haghaidh íocaíochtaí díreacha.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 88(6) agus Airteagal 88(7) de Rialachán (AE) 2021/2115, chinn an tSeicia, an Fhrainc agus an tSlóvaic ina bPlean Straitéiseach CBT athbhreithniú a dhéanamh ar a chéatadán leithdháiltí le haghaidh íocaíochtaí díreacha a úsáidtear le haghaidh cineálacha idirghabhálacha in earnálacha eile dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil III, Roinn 7, de Rialachán (AE) 2021/2115 le haghaidh na mblianta féilire 2026 agus 2027. Ba cheart, dá bhrí sin, na méideanna comhfhreagracha a asbhaint óna leithdháiltí le haghaidh íocaíochtaí díreacha.

(4) Chun na cinntí sin a léiriú, is gá leithdháiltí na mBallstát sin le haghaidh íocaíochtaí díreacha a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 a oiriúnú, chomh maith leis an miondealú bliantúil in aghaidh an Bhallstáit ar an tacaíocht ón Aontas le forbairt tuaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán sin.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinní V, IX agus XI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 a leasú dá réir.

(6) Ós rud é go ndéanann na leasuithe a dhéantar ar an Rialachán sin difear do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2115 ón 1 Eanáir 2026, go háirithe a mhéid a bhaineann le cineálacha idirghabhála i bhfoirm íocaíochtaí, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm aige ón 1 Eanáir 2026,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní V, IX agus XI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Leasaítear Iarscríbhinní V, IX agus XI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn V, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh na Seicia, na Danmhairge, na Fraince, na hÍsiltíre agus na Slóvaice:

Bliain féilire	2023	2024	2025	2026	2027 agus na blianta ina dhiaidh sin
‘An tSeicia	823 533 615	823 533 615	823 533 615	804 039 932	846 787 297’
‘An Danmhairg	806 313 404	817 524 179	814 937 077	720 879 884	862 367 277’
‘An Fhrainc	6 736 440 037	6 718 840 037	6 710 740 037	6 806 340 037	7 257 300 537’
‘An Ísiltír	609 237 340	579 591 503	550 477 666	571 282 629	717 382 327’
‘An tSlóvaic	394 892 166	397 751 933	400 605 131	445 252 732	403 010 501’

(2) in Iarscríbhinn IX, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh na Seicia, na Danmhairge, na Fraince, na hÍsiltíre agus na Slóvaice:

Bliain féilire	2023	2024	2025	2026	2027 agus na blianta ina dhiaidh sin
‘An tSeicia	823 533 615	823 533 615	823 533 615	804 039 932	846 787 297’
‘An Danmhairg	806 313 404	817 524 179	814 937 077	720 879 884	862 367 277’
‘An Fhrainc	6 736 440 037	6 718 840 037	6 710 740 037	6 806 340 037	7 257 300 537’
‘An Ísiltír	609 237 340	579 591 503	550 477 666	571 282 629	717 382 327’
‘An tSlóvaic	399 892 166	402 751 933	405 605 131	450 252 732	403 010 501’

(3) in Iarscríbhinn XI, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh na Danmhairge, na Fraince, na hÍsiltíre agus na Slóvaice, agus na rónna Iomlán AE-27 agus Iomlán:

Bliain	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán 2023-2027
‘An Danmhairg	155 982 060	131 987 933	120 777 158	123 364 260	217 421 453	749 532 864’
‘An Fhrainc	2 007 185 070	2 008 000 570	2 008 000 570	2 008 000 570	1 913 900 570	9 945 087 350’
‘An Ísiltír	180 985 369	181 413 356	211 059 193	240 173 030	219 368 067	1 032 999 015’
‘An tSlóvaic	260 599 909	264 077 909	264 077 909	264 077 909	216 835 677	1 269 669 313’
‘Iomlán AE-27	12 904 404 700	13 125 537 974	13 195 687 778	13 301 388 944	13 380 122 800	65 907 142 196’
‘Iomlán	12 934 676 920	13 155 810 194	13 225 959 998	13 331 661 164	13 410 395 020	66 058 503 296’

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2026/1/oj

IO L, 6.2.2026